# An Cód Iompair [2021]

Bhí ionchur ag *Comhairle na nDaltaí* sa Chód seo agus beidh sé le léamh sa Dialann Scoile acu.

**Prionsabail – "*Bí go deas, taispeáin meas*."**

Is é an bunphrionsabal a leanfaimid uile ná: *meas a léiriú i gcónaí ar gach duine*.
Ní mór an meas céanna a léiriú i leith gach duine agus a bheith cothrom leo i gcónaí.
"*Bí lách le cách*."

Tuigimid go bhfuil gach duine éagsúil óna chéile agus beimid báúil leis na difríochtaí sin sa Ghaelscoil. Céiliúraimid go bhfuilimid éagsúil óna chéile.

Aontaímid má oibríonn pobal na Gaelscoile ar fad le chéile (daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, cúntóirí, srl), go mbeidh gach éinne againn in ann sinn féin a iompar i mbealach atá dearfach do chách, atá tairbhiúil, comhbhách, ordúil agus measúil.

Tuigimid go bhfuil an fhoireann scoile ar fad ann le tacaíocht a thabhairt dos na daltaí, na tuismitheoirí is caomhnóirí agus do gach ball foirne sa Ghaelscoil agus go bhfuil sé mar dhualgas orainn go léir ár ndícheall a dhéanamh le comhoibriú lena chéile.

Bainfimid úsáid as an gCleachtas Aisiríoch nuair is gá le díriú ar aon dochar atá déanta agus le rudaí a chur ina gceart arís.

"*Ní neart go cur le chéile i nGaelscoil Chill Dara*."

**Aidhmeanna**

Chun meas a léiriú, teastaíonn uainne go léir i nGaelscoil Chill Dara go mbeidh ár scoil mar áit:

- atá fáilteach do gach éinne (daltaí, baill foirne, tuismitheoirí agus eile),
- ina léiríonn daoine meas ar a chéile i gcónaí,
- inar féidir le gach duine mothú sábháilte i gcónaí,
- ina fheicimid an maitheas i ndaoine agus na buanna éagsúla atá acu,
- ina ndéanann gach duine iarracht a bheith dearfach,
- ina n-éisteann daoine linn agus go mbeidh cothrom na Féinne ar fáil do chách,
- inar féidir linn maireachtáil le chéile agus le deis chun caidreamh dearfach, gníomhach a thógáil le daoine eile,
- inar féidir le gach duine foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh, idir óg agus aosta,
- inar féidir linn foghlaim ón ár mbotúin agus deis a bheith againn aon dochar atá déanta a dheisiú agus rudaí a chur ina gceart arís,
- ina labhraíonn daoine an Ghaeilge chomh maith agus is féidir leo le bród.

*Gaeilge ar bharr ár dteangacha.*
*Beimid tuisceanach agus cineálta le gach éinne.*
*Déanfaimid ár ndícheall i gcónaí.*
*Beimid ciallmhar agus fanfaimid sábháilte chomh fada agus is féidir.*

**Treoracha Ranga, Clóis is Scoile**

Ag tús na scoilbhliana is minic a bhíonn plé idir múinteoirí agus a gcuid daltaí chun treoracha ranga a chur le chéile. Bíonn treoracha faoi leith don chlós maidir le línte a dhéanamh, cluichí a imirt, coimeád slán, srl. Chomh maith le sin bíonn treoracha scoile atá le leanúint ag gach éinne ar shuíomh na Gaelscoile féin agus freisin nuair a théann grúpa ar thuras nó chuig imeacht éigin.

1. Sa Seomra Ranga:
- Léireoimid meas ar cheart na ndaltaí eile chun foghlama.
- Déanfaimid ár ndícheall comhoibriú leis an múinteoir agus cuidiú léi/leis.
- Leanfaimid treoracha an mhúinteora i gcónaí.
- Déanfaimid ár ndícheall ó thaobh oibre de ar scoil gach lá.
- Déanfaimid ár gcuid obair bhaile chomh maith agus is féidir linn.

2. Bí go deas, taispeáin meas ar an nGaeilge.
Táimid an-bhródúil gur Gaelscoil í ár scoil agus geallaimid go n-úsáidfimid féin an Ghaeilge atá againn aon uair gur féidir linn sa Ghaelscoil agus ar thuras nó ag imeacht éigin le chéile.

3. Bí go deas, taispeáin meas ar gach duine i gcónaí agus gach a bhaineann leo.
Beimid béasach, úsáidfimid teanga chuí agus aithneoimid spás pearsanta a chéile. Léireoimid meas ar shealúchas pearsanta a chéile.

4. Bí go deas, taispeáin meas ar na ranganna eile atá ar scoil linn.
Siúlfaimid go ciúin timpeall na scoile ar chlé. Beimid béasach agus ní bheimid ag pleidhcíocht sa seomra folctha.

5. Bí go deas, taispeáin meas ar gach rud a bhaineann leis an nGaelscoil.
Coimeádfaimid timpeallacht na Gaelscoile ar fad glan, néata agus saor ó bhruscar. Beimid cúramach le sealúchas na Gaelscoile.

6. Bí go deas, taispeáin meas ar an gCleachtas Aisiríoch.
Bainfimid úsáid as na Ceisteanna Aisiríocha:

i. Cad a tharla?
ii. Cad a cheap tú nuair a thug tú faoi deara é sin ag tarlú?
iii. Cén chaoi a ndeachaigh an eachtra seo i bhfeidhm ort agus ar dhaoine eile?
iv. Cad é an rud ba dheacra duit?
v. Cad ba chóir dúinne a dhéanamh anois le rudaí a chur ina gceart?

"*Bí i do shioráf – muineál fada, croí mór, airdeallach*."

7. Leanfaimid gach treoir ó aon mhúinteoir, istigh sa rang nó lasmuigh sa chlós, nó aon áit eile. *Go háirithe*, má thugann aon mhúinteoir *treoir chinnte aonair* dúinn – [mar shampla: "seas siar" .. "éirigh as" (iompar éigin) .. "ná déan é sin" .. "lig dó/di" .. "leag síos é" (rud áirithe) .. "seas amach ón líne" .. "suigh síos" .. "tar anseo" .. "téigh chuig an Príomhoide", srl] – leanfaimid an treoir sin láithreach agus go dea-bhéasach,

cúirtéiseach. Tuigimid leis, go dtugann múinteoirí treoir chinnte dúinn amanta chun sinn féin nó duine éigin eile a choimeád slán ó bhaol.

8. Fanfaimid ar thalamh na Gaelscoile agus laistigh d'áiteanna ainmnithe faoi chúram ball foirne i rith am scoile, ach amháin le cead ó mhúinteoir.

9. Fágfaimid fón póca, iPad agus aon ghléas eile mar iad, sa bhaile. Ní thógfaimid linn iad ar thuas scoile ach oiread, thar oíche nó eile. Má thógaimid ar scoil iad, tuigimid go gcaithfidh an Ghaelscoil iad a thógáil uainn ar feadh coicíse. Fágfaimid ár mbréagáin sa bhaile freisin.

**Bulaíocht agus Iompar Doghlactha eile**

Ní ghlactar le hiompar bulaíochta nó le haon iompar doghlactha eile in ár scoil. Tá sé mar dhualgas orainn go léir *a chur in iúl do dhuine fásta éigin* gan mhoill má fheicimid a leithéid. Déanfaimid uile ár ndícheall a chinntiú go mbeidh Gaelscoil Chill Dara saor ó bhulaíocht a oiread agus is féidir linn.

Tá *Polasaí Frith-Bhulaíochta* ag Gaelscoil Chill Dara chun cuidiú linn go léir.
Má cheapann dalta go bhfuil sé/sí féin faoi bhulaíocht, ba chóir dó/di:
- *Abair* "*Stop*" leis an duine (na daoine) sin.
- *Imigh leat* go dtí dalta(í) eile nó go dtí ball foirne.
- *Inis* do dhuine fásta.

Úsáidimid cláracha éagsúla chun cuidiú linn go léir atmaisféar dearfach is cineálta a chruthú sa Ghaelscoil.

**Iompar Dearfach a Threisiú**

Sa seomra ranga, bíonn na treoracha ranga agus nósanna eile ag an múinteoir chun iompar dearfach a threisiú. Molfaidh múinteoirí na daltaí trí roghanna mar iad seo leanas:

- Focal ciúin nó comhartha chun moladh a chur in iúl,
- Nóta a scríobh i gcóipleabhar an dalta, sa Dialann Scoile, ar Aladdin nó ar Class Dojo, le cur in iúl do na tuismitheoirí chomh maith is atá an dalta,
- Cuairt go dtí múinteoir eile nó go dtí an Príomhoide chun moladh a fháil,
- Focal molta os comhair ghrúpa nó ranga,
- Greamán, Ticéad Fiúntais nó Pas Obair Bhaile,
- Cárta don Ghaeilge nó Cárta don Chineáltas,
- Pribhléid speisialta a thabhairt don dalta,
- Lá gan éide scoile, Lá Pitseámaí nó Lá na bPeataí don rang,
- Scannán, Píotsa, Picnic, BBQ nó Turas don rang,
- Dalta nó rang a ainmniú do dhuais ón bPríomhoide nó do Gaeilgeoir na Seachtaine.

Timpeall na scoile uile, freisin, is féidir le foireann na Gaelscoile daltaí a mholadh agus faomhadh a chur in iúl le roghanna mar iad san thuas.

"*Mol an óige agus tiocfaidh sí*."

**Nuair nach Leanann Dalta an Cód seo**

Tuigimid go bhfuil gach dalta is gach cás éagsúil. Is féidir leis an scoil roghanna mar seo a ghlacadh:

- Labhairt leis an dalta faoi na treoracha atá sa Chód seo agus a mhíniú dó/di an tábhacht a bhaineann leo ar mhaithe le pobal uile na Gaelscoile,
- Na Ceisteanna Aisiríocha a úsáid le plé a dhéanamh leis/léi ar an iompar agus chun iarracht a dhéanamh rudaí a chur ina gceart arís,
- Obair nach bhfuil curtha i gcrích de bharr an drochiompair a chríochnú ar scoil nó sa bhaile,
- Obair bhreise a thabhairt don dalta,
- Am Amuigh a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an iompar – sa rang féin nó le ball foirne i rang eile, nó sa chlós (ag braith ar an áit a bhfuil an fhadhb agus le cinntiú go mbíonn gach éinne sábháilte),
- Pribhléid ranga a chailleadh (Am Órga, san áireamh),
- Labhairt leis na tuismitheoirí faoi iompar an dalta,
- A chur in iúl don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide,
- Plean Iompraíochta Aonair a chur le chéile don dalta i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí agus, b'fhéidir, tacaíocht sa bhreis a chur ar fáil dó/di (ag tógáil aon riachtanas ar leith san áireamh) agus don fhoireann scoile,
- An dalta a chur ar fionraí ón nGaelscoil ar feadh roinnt laethanta.

Uaireanta, nuair a tharlaíonn eachtra (le mí-iompar) déanfaidh an Príomhoide é sin a fhiosrú agus tuigimid go mb'fhéidir go n-iarrfar orainn cuntas a scríobh síos faoin méid a chonaiceamar is a chualamar chun cabhrú leis an bhfiosrú sin agus ar mhaithe linn uile. Freisin, d'fhéadfadh an Príomhoide iarraidh ar an dalta ba chúis leis an eachtra (a luaitear an mí-iompar leis/léi) cuntas a scríobh faoin méid a tharla.